

An focal draíochta 'Malartú'



Gné den Mhata	Uimhreas – suimiú <i>Comhtháthú – Teanga</i>
Scileanna Forbartha	Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla – ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla Cur i bhfeidhm – straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a cheapadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall - láimhseoga cuí a úsáid chun tascanna agus próisis mhatamaiticiúla a chomhall
Teanga agus Téarmaíocht	deich nAonad, malartú a dhéanamh, 10 nAonad a mhalartú do dheich amháin, a shuimiú le
Áiseanna	Ábhair Bhonn 10, mata ionadluacha, díslí





Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1 Gníomhaíocht 1

I mbeirteanna, déanann daltaí sealaíocht ar a chéile ag caitheamh an dísle agus ag bailiú líon na n-aonad comhfhreagrach ón Ábhair Bhonn 10. Cuireann siad sa fhráma ar an mata ionadluacha iad. Is é an buaiteoir ná an chéad dalta chun deich n-aonad a mhalartú. Mar shampla, is é 10 an buaiteoir. Déan an uimhir seo a thaifeadadh ag úsáid saigheadcháirte, cártaí digite nó i bhfoirm scríofa. Clúdaigh uimhreacha níos mó, m.sh. dhá dheich, trí dheich srl.

2 Gníomhaíocht 2

Úsáid áis ar líne Bonn 10 le haghaidh daingniú pictiúrtha de Ghníomhaíocht 1, ag taifeadadh uimhreacha tar éis gach malartaithe.



An focal draíochta 'Malartú'



Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Dúnta	Ceisteanna Oscailte
- Cé mhéad aonad atá ag teastáil chun malartú a dhéanamh ar deich agus a mhalairt? - Cén focal draíochta a úsáidimid chun cur síos a dhéanamh ar a ndearnamar?	An bhfuil uaireanta eile ann i do lá nuair a mhalartaíonn tú rud éigin ar rud eile? Labhair faoi na rudaí sin.

Difreáil

Socraigh fad ama caite ar thaithí phraiticiúil de réir mar is gá. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.



